C/2025/6666

11.12.2025

Foilsiú iarratais ar leasú de bhun Airteagal 26(2), de Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcóil eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008

(C/2025/6666)

Laistigh de 3 mhí ó dháta foilsithe an iarratais seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó ina chónaí i dtríú tír, nós imeachta freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún ([1]) i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

IARRATAS AR FHORMHEAS AR LEASÚ AR LEIBHÉAL AN AONTAIS

‘Marc de Champagne / Eau-de-vie de marc de Champagne’

Uimh. AE: PGI-FR-02063-AM01

Dáta an iarratais: 23.1.2020

1. **Iarratasóir agus leas dlisteanach**

Association des producteurs de boissons spiritueuses à indication géographique champenoises [Comhlachas táirgeoirí deochanna biotáilleacha ar a bhfuil tásc geografach Champagne]

2. **Ceannteideal sa tsonraíocht táirge a bhaineann leis an leasú nó na leasuithe**

☒ Ainm an táirge

☐ Catagóir nó ainm dlíthiúil na dí biotáillí

☐ Nasc

☐ Srianta margaíochta

☒ Eile: rialacha sonracha maidir le lipéadú

3. **Tuairisc ar an leasú nó ar na leasuithe agus na cúiseanna leis nó leo**

3.1. *An míniú go dtagann an leasú nó na leasuithe faoin sainmhíniú ar leasú ar leibhéal an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2019/787*

Is éard atá i gceist leis an iarratas ainm an táisc gheografaigh atá cláraithe faoi Rialachán (AE) 2019/787 a athrú go ‘Marc champenois / Eau-de-vie de marc champenois’.

3.2. *Tuairisc ar an leasú agus na cúiseanna atá leis*

Ainm nó úsáid ainm

Tuairisc

Athraítear na hainmneacha cláraithe ‘Marc de Champagne’ agus ‘Eau-de-vie de marc de Champagne’ go ‘Marc champenois’ agus ‘Eau-de-vie de marc champenois’ faoi seach.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Cúiseanna

1. An t-ainm ‘Marc champenois / Eau-de-vie de marc champenois’ a chur in ionad an ainm ‘Marc de Champagne / Eau-de-vie de marc Champagne’: Nuair a cuireadh an comhad teicniúil le haghaidh an táisc gheografaigh (TG) faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh de bhun Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 110/2008, luaigh na táirgeoirí gur mhian leo go n-athrófaí ainm an táisc gheografaigh go ‘Marc champenois/Eau-de-vie de marc champenois’ ionas go cuirfí tomhaltóirí ar an eolas go soiléir faoin nasc idir an deoch bhiotáilleach agus réigiún fíona Champagne, agus é á áirithiú an tráth céanna go gcoinneodh an ATFC ‘Champagne’ úsáid eisiach an ainmniúcháin sin. Is le haghaidh fíonta súilíneacha amháin a úsáidtear an focal ‘Champagne’ anois. Aithníodh fíonta socra a tháirgtear sa limistéar geografach, ar a dtugtaí ‘*vins natures de Champagne*’ go stairiúil, mar ainmniúchán tionscnaimh in 1974 agus, níos déanaí, cláraíodh iad mar ATFC faoin ainm ‘*Coteaux champenois*’.

   Cuirtear na hainmneacha ‘Marc champenois’ agus ‘Eau-de-vie de marc champenois’ in ionad na n-ainmneacha ‘Marc de Champagne’ agus ‘Eau-de-vie de marc Champagne’ gach uair a bhíonn siad sa chomhad teicniúil. Deonaíodh aitheantas náisiúnta do na hainmneacha sin faoi Ordú an 30 Nollaig 2014, arna leasú an 12 Feabhra 2015, atá faoi réir fhormheas an Aontais Eorpaigh.

2. rialacha sonracha maidir le lipéadú

   Mar thoradh ar an athrú ainm, tá úsáid ‘Marc champenois’ agus ‘Eau-de-vie de marc champenois’ mar ainm breise sa roinn den chomhad teicniúil maidir le rialacha lipéadaithe imithe i léig agus dá bhrí sin baineadh é.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

   ‘Marc champenois / Eau-de-vie de marc champenois’

2. **An Ballstát ar leis an limistéar geografach**

   an Fhrainc

3. **Cineál an táisc gheografaigh**

   Tásc geografach

4. **Catagóir nó catagóirí na dí biotáillí**

   6. Biotáille marc fíonchaor

   Cód Ainmníochta Comhcheangailte

   22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

   2208 - Alcól eitile gan dínádúrú ar lú ná 80 % a neart alcóil de réir toirte; biotáillí, licéir agus deochanna biotáilleacha eile

5. **Tuairisc ar an deoch bhiotáilleach**

   Tá ‘Marc champenois / Eau-de-vie de marc champenois’ geal agus gléigeal. Nuair a aosaítear ‘Marc champenois’ in adhmad, tagann dath air sa raon idir buí na tuí agus ómra.

   Saintréith de ‘Marc champenois / Eau-de-vie de marc champenois’ is ea dea-bholaithe casta agus bíonn raon mionbholaithe air, ó mhionbholaithe bláthacha agus bia torthaí go mionbholaithe níos teo, a mbíonn níos mó seacláide le brath orthu. De réir mar a théann sé in aois, tagann mionbholaithe adhmadacha agus fanaile air.

   Is é 300 gram ar a laghad in aghaidh an heictilítir d’alcól íon an cion substaintí so-ghalaithe seachas alcól eitile agus meatánól a bhíonn ann. Nuair a dhíoltar leis an tomhaltóir é, bíonn íosmhéid alcóil 40 % de réir toirte in eau-de-vie de marc.

   Is biotáille é ‘Marc champenois / Eau-de-vie de marc champenois’ a fhaightear trí mharc fíonchaor atá beartaithe chun fíonta súilíneacha an ATFC ‘Champagne’ a tháirgeadh a dhriogadh, ag a mbíonn alcól de réir toirte nach mó ná 71 %.

Ag brath ar na modhanna saothraithe, cumhdaítear dhá chineál táirge leis an tásc geografach 'Marc champenois / Eau-de-vie': biotáille mhairc gheal, nach bhfuil aosaithe, agus biotáille mhairc a aosaítear in adhmad.

Mar thoradh ar bhrú réidh agus de réir a chéile na bhfíonchaor agus táirgeacht eastósctha íseal an tsú atá beartaithe le haghaidh an ATFC 'Champagne' bíonn marc níos taise ann, as a dtagann, nuair a dhriogtar é in 'Marc champenois / Eau-de-vie de marc champenois', saibhreas agus castacht aramatach a sholáthraíonn raon mionbholaithe, ó mhionbholaithe bláthacha agus bia torthaí go mionbholaithe níos teo agus seacláide. De réir mar a théann sé in aois, tagann mionbholaithe adhmadacha agus fanaile air.

6. **Críochú an limistéir gheografaigh**

Leagtar amach na limistéir gheografacha inar féidir na fíonchaora a bhuain, ina ndéantar an marc a bhrú, a stóráil agus a choipeadh agus ina ndéantar 'Marc champenois / Eau-de-vie de marc champenois' a dhriogadh agus a aibiú (céim an tsuí agus, i gcás inarb iomchuí, an t-aosú) in Airteagal V de Dhlí an 22 Iúil 1927 maidir leis an ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Champagne', lena n-aisghairtear agus lena n-ionadaítear Airteagal 17 de Dhlí an 6 Bealtaine 1919, faoi réir na bhforálacha seo a leanas:

— I gceantar Vitry-le-François (roinn Marne), is é an limistéar dáileachta talún críochaithe an limistéar a d'fhormheas coiste náisiúnta ábhartha l'Institut national de l'origine et de la qualité [na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta] le linn a sheisiúin an 7 agus 8 Samhain 1990, agus a bhfuil léarscáileanna de sna hallaí baile lena mbaineann; Cuireadh léarscáileanna den limistéar faoi bhráid hallaí an bhaile lena mbaineann.

— Sna bardais seo a leanas i roinn Aube, Arsonval, Cunfin, Dolancourt agus Jaucourt, is é an limistéar dáileachta talún críochaithe an limistéar a d'fhormheas coiste náisiúnta ábhartha na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag a sheisiúin an 23 Meitheamh 1994, an 8 Meán Fómhair 1994 agus an 19 Bealtaine 1995. Cuireadh léarscáileanna den limistéar faoi bhráid hallaí baile na mbardas lena mbaineann.

— Sna bardais seo a leanas i roinn Aube, Marcilly-le-Hayer agus La Villeneuve-au-Châtelot, níor críochaíodh aon limistéar dáileachta talún i gcomhréir leis an gcinneadh a rinne coiste náisiúnta ábhartha l'Institut national de l'origine et de la qualité [na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta] le linn a sheisiúin an 10 Meán Fómhair 1997.

— Sna bardais seo a leanas i roinn Aube, Brienne-le-Chateau, Epagne, Précy-Saint-Martin agus Saint-Léger-sous-Brienne agus sna bardais seo a leanas i roinn Marne, Esclavolle-Lurey, Potangis, Saint-Quentin-le-Verger et Villiers-aux-Corneilles, níor críochaíodh aon limistéar dáileachta talún i gcomhréir leis na cinntí a rinne coiste náisiúnta ábhartha l'Institut national de l'origine et de la qualité [na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta] le linn a sheisiúin an 23 agus 24 Meitheamh 1994, an 7 agus 8 Meán Fómhair 1994, an 18 agus 19 Bealtaine 1995 agus an 6 agus 7 Meán Fómhair 1995;

— I mbardas Fontaine-sur-Aÿ i roinn Marne, is é an limistéar dáileachta talún críochaithe an limistéar a d'fhormheas coiste náisiúnta ábhartha l'Institut national de l'origine et de la qualité [na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta] le linn a sheisiúin an 9 agus 10 Meán Fómhair 1999 agus a bhfuil na léarscáileanna de i halla baile an bhardais lena mbaineann; Cuireadh léarscáileanna den limistéar faoi bhráid hallaí baile na mbardas lena mbaineann.

— Sna bardais seo a leanas i roinn Marne, Corfélix, Corrobert, Le Thoult-Trosnay, Verdon, Reuves agus Broussy-le-Petit, níor críochaíodh aon dáileacht talún i gcomhréir leis an gcinneadh a rinne coiste náisiúnta ábhartha l'Institut national de l'origine et de la qualité [na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta] le linn a sheisiúin an 5 agus 6 Meán Fómhair 2001.

7. **Modh táirgthe na dí biotáillí**

Amhábhair

Faightear an marc trí fhíonóireacht fíonchaor a chomhlíonann na ceanglais táirgthe (cineálacha fíniúna, bainistíocht fíonghort, buaint, aibíocht na bhfíonchaor agus brú) a leagtar síos sa tsonraíocht le haghaidh an ATFC 'Champagne'.

Stóráil an mhairc agus coipeadh ina dhiaidh sin

Déantar an marc fíonchaor a choipeadh roimh an driogadh. Stóráiltear i sadhlanna é laistigh de 72 uair an chloig tar éis a bhrú. Tarlaíonn coipeadh i ndálaí aerdhíonacha.

Tá toirmeasc ar an marc a shaibhriú nó ar leasaithigh a chur leis.

Driogadh

Féadfar moirt a chur leis suas le 20 % de mheáchan an mhairc.

Ní fhéadfaidh acmhainneacht driogtha gach gairis a bheith níos mó ná 70 heictilítear d'alcól íon in aghaidh tréimhse 24 uair an chloig.

Déantar marc fíonchaor le haghaidh bliain táirgthe ar leith a dhriogadh tráth nach déanaí ná an 31 Bealtaine tar éis bhuaint na bhfíonchaor.

Ag deireadh an phróisis driogtha, bíonn neart alcóil de réir toirte na biotáille gléghlaine a tháirgtear agus a choinnítear sa bhailitheoir laethúil níos lú ná 71 %, nó cothrom leis, ag teocht 20 °C.

Ní mór an méid alcóil a fhaightear tar éis driogtha a bheith idir 28 agus 35 lítear d'alcól íon in aghaidh an 4 000 kg d'fhíonchaora brúite.

Driogtar marc coipthe trí úsáid a bhaint as na modhanna seo a leanas:

— trí dhriogadh aonbhaisce agus dara driogadh (*repasse*);

— trí dhriogadh baisce agus na soithí socraithe ar bhealach cascáidithe, in éineacht le driogadh ilchéime leis an aife; nó

— trí ghaldriogadh leanúnach, in éineacht le driogadh ilchéime leis an aife.

Is as copar a dhéantar coirí, cloigne, píopaí ealaphíobacha agus comhdhlúthadáin lúbacha na stileanna a úsáidtear i ndriogadh baisce aonair in éineacht leis an dara driogadh agus na colúin a úsáidtear sna modhanna driogtha eile.

I gcomhréir le prionsabail an driogtha, níor cheart an toilleadh ualaigh nó, i gcás inarb infheidhme, toilleadh an trealaimh cholúnbhunaithe a bheith níos mó ná:

— 25 hl le haghaidh an choire, i gcás driogadh aonair leis an dara driogadh; agus

— 20 hl le haghaidh soithí nach bhfuil níos mó ná cúig cinn díobh socraithe go neamhleanúnach sa chaoi is go mbeidh sruth anuas leis an leacht.

Is é seo a leanas an líon uasta plátaí:

— 15 in aghaidh an cholúin, nach ceadmhach níos mó ná péire díobh a bheith socraithe go neamhleanúnach sa chaoi is go mbeidh sruth anuas leis an leacht.

— 25 sa chrios ídithe agus 30 sa chrios tiúchana, i ndriogadh ilchéime.

Aibiú

Déantar an bhiotáille 'gheal' (nach bhfuil aosaithe) a aibiú i ndabhcha tar éis driogtha ar feadh 3 mhí ar a laghad sula ndíoltar í.

Is i gcoimeádáin thámha a dhéantar an aibiú ionas nach dtagann aon dath ar an mbiotáille.

Déantar an bhiotáille aosaithe a aibiú i mbairille darach nach mó a thoilleadh ná 10 heictilítear ar feadh tréimhse 24 mhí ar a laghad ón dáta a chuirtear i mbairille í.

Tá toirmeasc ar shliseanna adhmaid a úsáid.

Bailchríochnú

Údaraítear an dath a choigeartú trí charamal a chur leis agus údaraítear milsiú chun an blas deiridh a bhailchríochnú ar choinníoll gur lú ná 4 % de réir toirte a dtionchar ar dhoiléiriú na biotáille. Is tríd an difríocht idir an neart alcóil iarbhír de réir toirte agus an t-ollneart alcóil de réir toirte a fhaightear an doiléiriú, arna shloinneadh in % de réir toirte.

8. **Rialacha sonracha maidir le pacáistiú**

—

9. **Rialacha sonracha maidir le lipéadú**

9.1. *Rialacha maidir le hainm an táisc gheografaigh a ghreamú*

Ní féidir biotáillí a n-iarrtar an tásc geografach 'Marc champenois / Eau-de-vie de marc champenois' ina leith a dhearbhú lena dtáirgeadh ná a dhíol ach amháin má phriontáiltear an t-ainm 'Marc champenois / Eau-de-vie de marc champenois', agus na focail '*indication géographique*' [tásc geografach] ina dhiaidh sin ar na doiciméid iompair, na dearbhuithe, na bróisiúir, na lipéid agus na coimeádáin.

Ní fhéadfar aon cheann de na téarmaí lena gcuimsítear an tásc geografach 'Marc champenois / Eau-de-vie de marc champenois' a bheith le feiceáil ar leithligh. Dá bhrí sin, cruthaíonn an tásc iomlán doroinnte i gcónaí.

9.2. *Téamaí a bhaineann le haosú*

Ní fhéadfar na téarmaí seo a leanas a bhaineann le tréimhse aosaithe a úsáid chun an tásc geografach 'Marc champenois / Eau-de-vie de marc champenois' a chomhlánú ach amháin faoi na coinníollacha seo a leanas:

— is féidir an téarma 'Vieux' a úsáid i gcás biotáillí a aosaítear ar feadh 4 bliana ar a laghad;

— is féidir na téarmaí 'Très vieux' nó VSOP a úsáid i gás biotáillí a aosaítear ar feadh 8 mbliana ar a laghad;

— is féidir na téarmaí 'hors d'âge' nó 'XO' a úsáid i gcás biotáillí a aosaítear ar feadh 10 mbliana ar a laghad.

Ní mór na téarmaí roghnacha sin a bheith ar an lipéadú, roimh an tásc geografach nó ina dhiaidh, i gcarachtair atá ar aon mhéid nó níos lú, ar airde agus ar leithead araon.

10. **Tuairisc ar an nasc idir an deoch bhiotáilleach agus a tionscnamh geografach**

Saintréithe sonracha na dí biotáillí arb é an an limistéir gheografaigh is cúis leo

Tá 'Marc champenois / Eau-de-vie de marc champenois' geal agus gléigeal. Nuair a aosaítear 'Marc champenois / Eau-de-vie de marc champenois' in adhmad, tagann dath air a bhíonn idir buí na tuí agus ómra.

Mar thoradh ar bhrú réidh agus de réir a chéile na bhfíonchaor agus táirgeacht eastósctha íseal an tsú atá beartaithe le haghaidh an ATFC 'Champagne' bíonn marc níos taise ann, as a dtagann, nuair a dhriogtar iad, saibhreas agus castacht aramatach idir mionbholaithe bláthacha agus laíon torthaí úra go mionbholaithe níos teo agus seacláide. De réir mar a théann sé in aois, faigheann 'Marc champenois / Eau-de-vie de marc champenois' mionbholaithe adhmadacha agus fanaile.

Mionsonraí faoin limistéar geografach nó faoin tionscnamh geografach is ábhartha don nasc

Tosca nádúrtha

Is suite in oirthuaisceart chríoch na Fraince atá an limistéar geografach a chomhfhreagraíonn don ATFC 'Champagne', agus áirítear ann bardais de chuid ranna Aisne, Aube, Haute-Marne, Marne agus Seine-et-Marne.

Is é saintréith an tírdhreacha fíonghoirt atá suite ar fhánaí rite agus a bunaíodh ar thrí struchtúr gheomoirfeolaíocha mhaorga, is iad sin Côte d'Île-de-France, Côte de Champagne agus Côte des Bar. Tá an tírdhreach cailceach den chuid is mó agus is fearr aghaidh na bhfíonghort a bheith soir nó ó dheas.

Tá tionchar ag dhá aeráid éagsúla ar na fíonghoirt, arb é a suíomh ó thuaidh a dhéanann iad a idirdhealú ó fhíonghort eile, is iad sin:

— aeráid aigéanach a chuireann báisteach ar fáil go tráthrialta agus a chuireann teorann leis na héagsúlachtaí teochta ó shéasúr go séasúr;

— aeráid ilchríochach, arb í is cúis leis na tréimhsí seaca a bhíonn díobhálach uaireanta agus a chuireann solas gréine ar fáil sa samhradh a chuidíonn leis na fíonchaora aibiú.

Tosca daonna

Déantar ‘Marc champenois / Eau-de-vie de marc champenois’ go traidisiúnta as marc a fhaightear ó bhrú na bhfíonchaor a úsáidtear chun an ATFC ‘Champagne’ a tháirgeadh: Chardonnay (B), Pinot Noir (N) agus Meunier (N), a bhfuil cothromaíocht mhaith acu idir aigéadacht agus alcól féideartha.

Baineann cáilíocht an amhábhair sin le dálaí sonracha táirgthe an ATFC ‘Champagne’. Áirithítear le buaint triopall iomlán go gcaomhnaítear cáilíocht gach triopaill úir go dtí go sroicheann sé an fáisceán. Caomhnaíonn brú réidh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i sonraíocht ATFC Champagne, roinnt comhdhúile aramatacha sa mharc. Mar gheall ar na dálaí ina ndéantar na fíonchaora a bhuain agus a iompar agus an tréimhse ghearr idir an brú agus an marc a chur i sadhlanna, is beag ocsaídiú a dhéantar ar an marc roimh choipeadh. Ós rud é go dtagann sé go príomha ó fhíonóireacht sú ghil, déantar é a choipeadh go hanaeróbach.

Is iad driogairí atá suite ar láthair sheasta i gcroílár na bhfíonghort a dhéanann an driogadh, a aibíonn an bhiotáille agus a chuireann an bhiotáille ar an margadh iad féin nó a dhéanann sin trí lucht déanta fíona nó ceannaithe seaimpéin, nó driogairí taistil, a oibríonn de réir mar a ordaítear dóibh thar ceann na bhfíonsaothraithe.

Nasc cúisíoch

Tarraingíonn ‘Marc champenois / Eau-de-vie de marc champenois’ a phríomh-shaintréithe ón amhábhar a úsáidtear chun é a tháirgeadh, a fhaightear ó fhíonchaora a úsáidtear le haghaidh an ATFC ‘Champagne’. Tá an nasc idir ‘Marc champenois / Eau-de-vie de marc champenois’ agus an limistéar geografach bunaithe ar a leanas:

Cáilíocht ar leith na buainte fíonchaor i réigiún Champagne:

Is é suíomh ó thuaidh na bhfíonghort a dhéanann iad a idirdhealú ó fhíonghort eile. Is de thoradh choinníollacha ithreach agus aeráide an limistéir gheografaigh a tháinig modh bainistithe fíonghort faoi leith chun cinn a léirítear go háirithe i rogha na gcineálacha fíniúna. Is iad na trí phríomhchineálacha fíniúna Chardonnay B (29 %), Pinot Noir N (38 %) agus Meunier N (32 %). Soláthraíonn na cineálacha fíniúna sin, agus dálaí an limistéir gheografaigh, an chothromaíocht cheart don amhábhar idir aigéadacht agus alcól féideartha, rud atá fabhrach do tháirgeadh biotáillí.

Láimhseáil chúramach na bhfíonchaor:

Cuirtear modhanna áitiúla chun na fíonchaora a phiocadh agus a bhrú in oiriúint chun fíon súilíneach a tháirgeadh. I gcomhréir leis na coinníollacha chun an ATFC ‘Champagne’ a tháirgeadh, buaintear na fíonchaora ina dtriopaill iomlána agus iompraítear iad i gcliathbhoscaí bréifneacha. Cé gur ó chineálacha dubha a thagann an chuid is mó de na fíonchaora, brúitear iad de ghnáth trí theicníc a tháirgeann sú geal a úsáid. Eascraíonn marc de cháilíocht speisialta as an teicníc i réigiún Champagne a bhaineann le brú réidh agus táirgeadh sú ghil, go háirithe toisc nach mbaintear roinnt comhdhúile aramatacha le linn na bpróiseas sin. Mar gheall ar na dálaí ina ndéantar na fíonchaora a bhuain agus a iompar agus an tréimhse ghearr idir an brú agus an marc a chur i sadhlanna, is beag ocsaídiú a dhéantar ar an marc.

Áirithítear le caomhnú anaeróbach an mhairc go ndéantar é a choipeadh faoi na coinníollacha cearta le haghaidh driogtha.

Cuidíonn saineolas na ndriogairí agus na máistrí siléir a áirithiú go gcuireann ‘Marc champenois / Eau-de-vie de marc champenois’ é ar a gcumas do na dea-bholaithe a fhaightear ón amhábhar a bheith faoi bhláth: i gcás marc nach mbíonn aosaithe, ar a mbíonn mionbholaithe an-bhláthach agus bia torthaí, a d’fhéadfadh éirí níos teo agus bhféadfadh níos mó seacláide a bheith le brath orthu, nó, ag brath ar chéim aosaithe na mbiotáillí aosaithe, bolaithe adhmaid agus fanaile a thagann ar ‘Marc champenois / Eau-de-vie de marc champenois’ de réir mar a théann sé in aois.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-86676e69-a69d-40ab-bb0e-acfabbcf1d0f